An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

## Ardteistiméireacht

# SIOLLABAS TÍREOLAÍOCHTA

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Cuspóirí agus Prionsabail

1. Is é cuspóir ginearálta an oideachais cabhair a thabhairt chun gach gné na hindibhide a fhorbairt, na gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, breithiúnacha, cultúrtha, tochtacha, bríomhara agus intleachtúla, na gnéithe a bhaineann le saol pearsanta, saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus saol i measc an phobail, agus na gnéithe a bhaineann le scíth curtha san áireamh.

2. Cuirtear na cláir Ardteistiméireachta ar fáil leis an gcuspóir ginearálta seo, agus le béim ar leith ar ullmhú na ndaltaí i gcomhair oideachas nó oilliúint tríú leibhéal, i gcomhair fhostaíochta agus le haghaidh a ról mar shaoránaigh fhiontracha, a ghlacann páirt i gcúrsaí an tsochaí.

3. Tá sé de chuspóir ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chláir na Teistiméireachta Sóisearaí a sholáthar. Is féidir go dtiocfadh athruithe ar an gcoibhneas a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla taobh istigh de na cláir, .i. forbairt phearsanta agus shóisialta (agus gnéithe mórálta agus spioradálta san áireamh), staidéir ghairmiúla agus ullmhú i gcomhair oideachais bhreise agus i gcomhair shaol an duine fhásta agus shaol na hoibre.

4. Na cláir atá dírithe ar an Ardteistiméireacht, tá fad dhá bhliain iontu agus trí fhoirm sholáthair acu:

    i. an Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe)

    ii. Gairmchlár na hArdteistiméireachta

    iii. an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

5. Maidir le gach clár Ardteistiméireachta, agus cabhair á thabhairt aige d'oideachas ardchaighdeáin, cuireann sé béim

    - ar fhoghlaim fhéin-dírithe agus smaoineamh neamhspleách
    - ar spiorad an fhiosraithe, smaoineamh breithiúnach, réiteach fadhbanna, féinmhuinín, tionscnamh agus fiontar
    - ar ullmhú don oideachas breise, do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre
    - ar fhoghlaim shaoil.

## An Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe)

Cuireann clár na hArdteistiméireachta (Seanbhunaithe) ar fáil do dhaltaí, oideachas atá leathan agus cothromaithe, agus ag an am céanna ceadaítear dóibh oiread éigin de shainstaidéar a dhéanamh. Cuirtear siollabais ar fáil i raon leathan d'ábhair. Soláthraítear gach ábhar ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Chomh maith leis sin, soláthraítear Matamaitic agus Gaeilge ag Bonnleibhéal.

Baintear feidhm as an teastas i gcomhair roghnaithe don oideachas breise, fhostaíochta, oiliúna agus ardoideachais.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GA)

Is é atá i nGairmchlár na hArdteistiméarachta (GA) ná idirghabháil san Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe). Déanann daltaí ar an GA staidéar ar chúig ábhar ar a laghad (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), ar Ghaeilge agus ar dhá ábhar ó chnuasaigh shainithe d'ábhair ghairmiúla. Ní mór dóibh freisin cúrsa aitheanta i nuatheanga Eorpach, nach Gaeilge nó Béarla í. Chomh maith leis sin, tógann siad trí nasc-mhodúl ar Oideachas Fiontair, Ullmhú don Obair agus Cleachtadh Oibre.

Go háirithe tá sé mar chuspóir ag an GA spiorad an fhiontair agus an tionscnaimh a chothú i measc na ndaltaí, agus a scileanna idirphearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta neamhspleách ann féin í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Dearadh é i gcomhair na ndaltaí sin nach mian leo dul go díreach isteach san oideachas tríú leibhéal nó nach bhfreastalaíonn an dá chlár eile Ardteistiméireachta ar a gcuid riachtanas, mianta nó mianach. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tógtha mórthimpeall ar thrí phríomhghné – Ullmhú Gairmiúil, Oideachas Gairmiúil agus Oideachas Ginearálta – a bhfuil comhghaoil agus comhspleáchas eatarthu. Is iad buntréithe an chláir seo ná cleachtaí oideachasúla atá gníomhach, praiticiúil agus daltalárnach.

Ardteistiméireacht

# Siollabas Tíreolaíochta

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁR

**Réamhrá** .......... **2**
Réasúnaíocht .......... 2
Aidhmeanna .......... 2
Cuspóirí .......... 2
**Struchtúr an tSiollabais** .......... **4**
Formáid .......... 4
Suímh .......... 4
Scileanna tíreolaíochta .......... 4
Idirdhealú .......... 5
An t-imscrúdú tíreolaíochta .......... 5
Aonaid staidéir – Gnáthleibhéal .......... 5
Aonaid staidéir – Ardleibhéal .......... 5
**Measúnacht** .......... **6**

**Croí-aonaid** .......... **7**
Croí-aonad 1:
Patrúin agus próisis sa chomhshaol fisiceach .......... 9
Croí-aonad 2:
Tíreolaíocht réigiúnach .......... 13
Croí-aonad 3:
Imscrúdú tíreolaíochta agus scileanna tíreolaíochta .......... 17
**Toghaonaid** .......... **21**
Toghaonad 4:
Patrúin agus próisis i ngníomhaíochtaí geilleagracha .......... 23
Toghaonad 5:
Patrúin agus próisis i gcomhshaol an duine .......... 27
**Roghaonaid** .......... **31**
Roghaonad 6:
Idirspleáchas domhanda .......... 33
Roghaonad 7:
Geo-éiceolaíocht .......... 36
Roghaonad 8:
Cultúr agus ionannasdel .......... 39
Roghaonad 9:
An t-atmaisféar/comhshaol na n-aigéan .......... 42

# RÉAMHRÁ

## Réasúnaíocht

Baineann an tíreolaíocht leis an staidéar ar dhaoine agus ar a gcomhshaol. Cabhróidh staidéar na tíreolaíochta leis na daltaí a dtuiscint ar a dtimpeallacht fhisiceach agus daonna a fhorbairt. Scrúdaíonn an tíreolaíocht na hidirghaolmhaireachtaí athraitheacha idir an domhan fisiceach agus an domhan daonna. Ach staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht, déanfaidh na daltaí scileanna tíreolaíochta a fhorbairt a chabhróidh leo breithiúnais eolacha a dhéanamh i dtaobh saincheisteanna ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Aidhmeanna

1. Eolas agus tuiscint a fhorbairt ar roinnt comhshaol codarsnach fisiceach agus daonna (sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha) agus ar na gaolmhaireachtaí atá eatarthu.
2. Feasacht a chothú i dtaobh patrúin spásúla, struchtúracha agus sealadacha na bhfeiniméan comhshaoil, idir fhisiceach agus dhaonna, ar scálaí éagsúla, agus a aithint gur féidir leis na patrúin sin athrú le himeacht aimsire.
3. Deiseanna le haghaidh idirspleáchais dhomhanda a thuiscint, mar aon leis na dúshláin a ghabhann leis.
4. Caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní an domhain a chur chun cinn, ar mhaithe le leas agus sonas a áitritheoirí agus ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.
5. Aitheantas agus tuiscint a léiriú i leith daoine eile agus a gcultúr, anseo in Éirinn agus aon áit eile.
6. An iliomad scileanna tíreolaíochta a fhorbairt ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar shaol na hoibre agus ar chuid mhaith gnéithe eile den saol.
7. An tsaoránacht ghníomhach a fhorbairt agus a chur chun cinn agus rannpháirtíocht eolach a spreagadh sa tsochaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda, tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
8. Úsáid na teicneolaíochta faisnéise e agus cumarsáide a chothú i múineadh agus i bhfoghlaim na tíreolaíochta..
9. Cabhrú leis na daltaí a bheith ina saoránaigh eolacha fhreagracha, agus iad a chumasú chun dul ar aghaidh agus tuilleadh staidéir a dhéanamh nó dul le saol na hoibre.
10. Eispéireas spéisiúil taitneamhach a thabhairt do dhaltaí trína gcuid staidéir ar an tíreolaíocht, agus grá dá gcomhshaol nádúrtha agus cultúrtha a thabhairt dóibh ar feadh a saoil.

## Cuspóirí

Liostaíonn cuspóirí an chúrsa an t-eolas agus an tuiscint, na coincheapa, na scileanna agus na dearcthaí ba cheart do dhaltaí a fháil trína gcuid staidéir ar thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá siad bunaithe ar chuspóirí shiollabas tíreolaíochta an Teastais Shóisearaigh, agus tógann siad orthu sin.

### 1. Eolas agus tuiscint

De thoradh an tsiollabais seo, ba cheart go bhfaigheadh na daltaí eolas agus go bhforbróidís tuiscint, as peirspictíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar na nithe seo a leanas

- bunghaolmhaireachtaí spásúla
- feiniméin agus próisis fhisiceacha agus chomhshaoil
- feiniméin agus próisis shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha

- an t-idirghníomhú agus na hidirghaolmhaireachtaí idir feiniméin fhisiceacha, chomhshaoil, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha
- gnéithe praiticiúla na bhfeiniméan éagsúil sin de réir mar a bhaineann siad le comhshaol agus le pobal logánta an dalta.

## 2. Coincheapa an chúrsa

Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí na príomh-choincheapa seo a leanas

- suíomh
- dáileadh spásúil
- gaolmhaireacht limistéarach
- idirghaolmhaireacht
- idirghníomhú spásúil
- dlús
- patrún
- réigiún
- athrú le himeacht ama.

Is ceart do dhaltaí, le linn dóibh a gcumas maidir le húsáid agus feidhmiú na gcoincheap sin a fhorbairt, a gcuid scileanna i dtaca le réiteach fadhbanna a fhorbairt freisin, agus próisis agus córais a bhaineann le gach coincheap a thuiscint.

## 3. Scileanna

Ba cheart go mbeidh an deis ag na daltaí na scileanna seo a leanas a fhorbairt, de réir mar is cuí, le linn dóibh staidéar a dhéanamh ar gach gné den siollabas:

- scileanna bailithe faisnéise
  - léarscáileanna ar scálaí éagsúla lena n-áirítear léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis agus léarscáileanna aimsire sionoptacha
  - figiúirí (líneghraif, barraghraif, píchairteacha, léaráidí agus samhlacha pictiúrtha)
  - staidreamh
  - fótagraif, lena n-áirítear aerfhótagraif agus fótagraif shatailíte
  - pictiúir, lena n-áirítear cartúin
  - foinsí téacsacha ina bhfuil téarmaíocht thíreolaíoch
  - foinsí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (e.g. sonraí agus pacáistí ríomhairithe, cláir theilifíse agus raidió, an t-idirlíon, closfhoinsí agus foinsí digiteacha), Córas Geografach Faisnéise (GIS), agus íomháineachas satailíte
- scileanna cuir i láthair agus cumarsáide
  - faisnéis a chur i láthair agus a chur in iúl ar mhórán bealaí (lena n-áirítear léarscáileanna, figiúirí, staidreamh, i scríbhinn agus ó bhéal)
- scileanna imscrúdaithe
  - éagsúlacht mód imscrúdaithe a roghnú agus a úsáid
  - imscrúdú tíreolaíochta a dhéanamh, agus úsáid á baint as foinsí príomha agus tánaisteacha faisnéise araon
- scileanna sóisialta
  - scileanna sóisialta a fhorbairt (e.g. ag obair go héifeachtach ina n-aonar nó i ngrúpaí, treoracha a leanúint, obair foirne agus comhoibriú, úsáid na cumarsáide béil chun teacht ar fhaisnéis, í a phlé agus í a scaipeadh)
- scileanna measúnachta
  - faisnéis a shintéisiú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú (e.g. fíorais a idirdhealú ó thuairimíocht, teacht ar chonclúidí, hipitéisí simplí a chruthú, breithiúnais eolasacha a thabhairt, réitigh chiallmhara ar fhadhbanna a mholadh agus, i gcás gur cuí, pleananna réalaíocha le haghaidh gníomhaíochta a mholadh).

## 4. Dearcthaí

Ba cheart dearcadh dearfach a chothú sna daltaí ina leith féin, i leith daoine eile, agus i leith a gcomhshaoil. Folaíonn dearcthaí dá leithéid:

- toilteanas feiniméin nádúrtha agus chultúrtha a bhrath agus a mheas ó pheirspictíocht daoine eile
- tuiscint ar an éagsúlacht shóisialta, chultúir, agus chomhshaoil
- feasacht ar na contúirtí a ghabhann le gach cineál steiréitíopa agus claontachta
- íogaireacht i leith cháilíocht aeistéitiúil an chomhshaoil nádúrtha agus chultúrtha, íogaireacht óna n-eascraíonn mian chun an cháilíocht sin a chothabháil agus a fheabhsú.

# STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

Cuirtear an siollabas i láthair i bhfoirm croíréimsí , réimsí tofa, réimsí roghnacha staidéir. Ba cheart go rithfeadh forbairt scileanna tíreolaíochta tríd an múinteoireacht agus tríd an bhfoghlaim ar fud gach gné den siollabas, de réir mar is cuí.

## Formáid

Cuirtear an siollabas don Ghnáthleibhéal i láthair i bhfoirm croí-aonad agus toghaonaid. Don Ardleibhéal cuirtear i láthair é i bhfoirm croí-aonad, toghaonaid agus roghaonaid. Tá gach aonad foroinnte ina ráitis agus topaicí staidéir. Cuirtear gach aonad i láthair i gceithre cholún:

- **Uimhir aonaid**
- **Tuairisc ar ábhar**
- **Suímh náisiúnta**
- **Suímh idirnáisiúnta**

Sa tuairisc ar ábhar faightear na príomhráitis threoracha don aonad agus miondealú ar réimsí staidéir faoi thopaicí staidéir.

## Suímh

Ag gach tráth is ceart do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh feiniméin thíreolaíocha a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás go bhfuil siad ar fáil agus oiriúnach, chun na topaicí a léiriú. Ina theannta sin, soláthraítear samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud an tsiollabais. **Níl na suímh sin réamhchinntitheach agus is mar threoir amháin atá siad ann.** Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a roghnú chun na topaicí staidéir a léiriú. Is ceart do mhúinteoirí gach ceann de na topaicí staidéir ar fud an tsiollabais a nascadh, i gcás gur cuí sin, le Croí-aonad 2 - tíreolaíocht réigiúnach - agus vice versa. Fágfaidh sé sin an deis ag an tíreolaíocht réigiúnach suímh oiriúnacha a sholáthar agus go mbeidh an t-aonad sin ina chuid nádúrtha agus chomhtháite den siollabas foriomlán.

## Scileanna tíreolaíochta

Tá foghlaim, úsáid agus feidhmiú scileanna tíreolaíochta lárnach d'eispéireas an dalta ar thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá scileanna tíreolaíochta lárnach do gach páirt den siollabas. Tá na croíscileanna tíreolaíochta liostaithe le haghaidh staidéir i gCroí-aonad 3 agus ní mór do gach dalta staidéar a dhéanamh orthu. Tá liosta scileanna le fáil freisin sa réamhrá do gach ceann de na haonaid siollabais. Is ceart na scileanna liostaithe sin a chomhtháthú i múineadh na n-aonad siollabais go léir de réir mar is cuí. Bainfear úsáid agus feidhm as na croí-inniúlachtaí tíreolaíochta sin freisin in ullmhú an imscrúdaithe tíreolaíochta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon. Déanfar inniúlacht an dalta i bhfeidhmiú agus in úsáid scileanna tíreolaíochta a scrúdú i gcomhthéacs an scrúdaithe scríofa ceann cúrsa agus an imscrúdaithe thíreolaíoch.

## An t-imscrúdú tíreolaíochta

Is croí-réimse staidéir é an t-imscrúdú tíreolaíochta agus mar sin tá sé éigeantach do gach dalta. Gné lárnach d'oideachas agus d'eispéireas tíreolaíochta gach dalta iad imscrúduithe agus staidéir allamuigh a bhaineann úsáid as foinsí príomha agus tánaisteacha. Cuirfidh an t-imscrúdú deis ar fáil don dalta feidhmiú praiticiúil na gcroíscileanna tíreolaíochta atá lárnach do gach aonad den siollabas a chleachtadh. Tabharfaidh an t-imscrúdú tíreolaíochta deis do na daltaí príomhaidhmeanna an tsiollabais a bhrath i gcomhthéacs a gcomhshaoil féin. Agus cothaíonn an t-imscrúdú dearcthaí dearfacha sna

daltaí trí ghaolmhaireachtaí agus saincheisteanna ina gcomhshaol féin a bhrath agus a cheistiú. Léiríonn an t-imscrúdú feidhmiú praiticiúil na gcroíscileanna tíreolaíochta atá liostaithe sa siollabas. Tar éis do na daltaí staidéar a dhéanamh ar na scileanna tíreolaíochta atá liostaithe agus na scileanna sin a chleachtadh, déanfaidh na daltaí na scileanna cuí a fheidhmiú do thopaic an imscrúdaithe. Le linn an t-imscrúdú tíreolaíochta a dhéanamh ní mór do na daltaí:

- straitéis a cheapadh agus aidhmeanna, cuspóirí, agus hipitéisí a shainaithint chun imscrúdú éifeachtach na topaice a cheadú
- modhanna roghnaithe bailithe agus tiomsaithe a roghnú do thopaic an imscrúdaithe
- modhanna oiriúnacha bailithe agus tiomsaithe faisnéise a úsáid
- tuarascáil a ullmhú
- torthaí a anailísiú agus a léirmhíniú agus tátailbhailí a bhaint astu.

## Idirdhealú

Tá idirdhealú soiléir i struchtúr an tsiollabais idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Léiríonn an réamhrá do gach ceann de na haonaid siollabais idirdhealú soiléir idir na torthaí le haghaidh Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil. Is iad na daltaí Ardleibhéil amháin a chaithfidh staidéar a dhéanamh ar aonad roghnach.

## Aonaid Staidéir – Gnáthleibhéal

Ní mór do dhaltaí gnáthleibhéil staidéar a dhéanamh ar na nithe seo a leans:

| | |
|---|---|
| **Croí-aonad 1** | Patrúin agus próisis sa chomhshaol fisiceach |
| **Croí-aonad 2** | Tíreolaíocht réigiúnach |
| **Croí-aonad 3** | Imscrúdú tíreolaíochta agus scileanna tíreolaíochta |

Ceann de na haonaid thofa seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Toghaonad 4** | Patrúin agus próisis i ngníomhaíochtaí geilleagracha |
| **Toghaonad 5** | Patrúin agus próisis i gcomhshaol an duine |

## Aonaid Staidéir Ardleibhéal

Ní mór do dhaltaí ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar na haonaid seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Croí-aonad 1** | Patrúin agus próisis sa chomhshaol fisiceach |
| **Croí-aonad 2** | Tíreolaíocht réigiúnach |
| **Croí-aonad 3** | Imscrúdú tíreolaíochta agus scileanna tíreolaíochta |

Ar thoghaonad amháin astu seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Toghaonad 4** | Patrúin agus próisis i ngníomhaíochtaí geilleagracha |
| **Toghaonad 5** | Patrúin agus próisis sa chomhshaol daonna. |

Ar cheann amháin de na ceithre réimse roghnacha staidéir seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Roghaonad 6** | Idirspleáchas domhanda |
| **Roghaonad 7** | Geo-éiceolaíocht |
| **Roghaonad 8** | Cultúr agus ionannas |
| **Roghaonad 9** | An t-atmaisféar/comhshaol na n-aigéan |

# MEASÚNACHT

Beidh an mheasúnacht i bhfoirm páipéir scrúdaithe scríofa amháin agus imscrúdú tíreolaíochta. Beidh páipéir scrúdaithe scríofa difriúla ann don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal. Beidh ualú measúnachta 80% ag gabháil leis an scrúdú cinn cúrsa scríofa. Ualú measúnachta 20% a bheidh ag gabháil leis an tuairisc ar an imscrúdú tíreolaíochta. Léireoidh an dá chineál measúnachta ábhar an tsiollabais agus na torthaí foghlama arna sonrú i ngach aonad den siollabas. Is é a bheidh sa pháipéar scrúdaithe ceann cúrsa scríofa, ceisteanna a éileoidh freagraí gearra agus ceisteanna ilchodacha. Pléfhreagraí níos faide i stíl aiste a theastóidh i measúnú na roghaonad. I ngach ceist gheofar ábhar spreagthach agus eilimint scileanna, i gcás gur cuí sin. Déanfar an tuairisc ar an imscrúdú tíreolaíochta a mheasúnú lasmuigh den scrúdú cinn cúrsa scríofa.

Siollabas Tíreolaíocht Na hArdteistiméireachta

# CROÍ-AONAID

# CROÍ-AONAID

NÍ FOLÁIR DO DHALTAÍ GNÁTHLEIBHÉIL AGUS ARDLEIBHÉIL STAIDÉAR A DHÉANAMH AR GACH UILE CHEANN DE NA TRÍ CHROÍ-AONAD.

| | |
|---|---|
| **Croí-aonad 1** | Patrúin agus próisis sa chomhshaol fisiceach |
| **Croí-aonad 2** | Tíreolaíocht réigiúnach |
| **Croí-aonad 3** | Imscrúdú tíreolaíochta agus scileanna tíreolaíochta |

# CROÍ-AONAD 1
# PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

## AIDHMEANNA

San aonad seo féachtar le scrúdú a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir an timthriall teicteonach, timthriall na gcarraigeacha agus na próisis forbartha tírghnéithe .

## SCILEANNA

Agus iad ag gabháil don aonad seo, ba cheart go dtuigfeadh na daltaí na scileanna tíreolaíochta seo a leanas agus go n-úsáidfidís iad, i gcás gur cuí sin,

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar ghrianghraf
- anailís ar staidrimh
- líníocht fíoracha
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ: GNÁTHLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo dóibh, ba cheart go mbeadh daltaí gnáthleibhéil in ann

- teoiric na teicteonaice plátaí a mhíniú
- a léiriú go bhfuil tuiscint acu ar na próisis foirmithe carraigeacha, síonchaithimh agus creimthe
- míniú a thabhairt ar na próisis forbartha tírghnéithe lena mbaineann idirghníomhú an timthrialla teicteonaice, an timthrialla carraigeacha, agus na bpróiseas dromchla
- a thaispeáint conas a théann gníomhaíochtaí an duine i gcion ar na próisis sin
- na scileanna atá liostaithe a thuiscint agus a úsáid chun cur síos ar an gcomhshaol fisiceach.

## TORTHAÍ: ARDLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh an dalta in ann

- tuiscint mhionsonraithe ar theoiric na teicteonaice plátaí a thaispeáint
- a léiriú conas a dhéanann an timthriall teicteonach struchtúir screimhe a chruthú, a mhodhnú agus a scriosadh
- an próiseas leanúnach foirmithe, athraithe agus scriosta carraigeacha a mhíniú agus a léiriú
- a mhíniú agus a léiriú conas a fhorbraíonn tírghnéithe ó idirghníomhú an timthrialla theicteonaigh, an timthrialla carraigeacha, agus na bhfórsaí dromchla
- a léiriú conas a léiríonn tírghnéithe cothromaíocht, in imeacht na mblianta, idir fórsaí ingineacha (inmheánacha) agus fórsaí eisigineacha (seachtracha)
- measúnacht a dhéanamh, ar scálaí difriúla, ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar na próisis fhisiceacha a bhíonn ag obair ar an tírdhreach
- na scileanna atá liostaithe thuas a thuiscint agus a úsáid chun an comhshaol fisiceach a léirmhíniú.

## SUÍMH

Ba cheart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh i gcónaí feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann dóibh, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin ar fud an tsiollabais. Mar shamplaí seachas mar ordú atá na suímh sin á dtabhairt. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart na topaicí staidéir agus na suímh roghnaithe a bheith nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2, i gcás gur féidir.

## CROÍ-AONAD 1: PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **1.1** | **An timthriall teicteonach**<br><br>Ráiteas:<br>**Táirgeann soghluaisteacht screamh an domhain fórsaí ingineacha, as a n-éiríonn struchtúir tíreolaíochta laistigh di. Déantar struchtúir screimhe a chruthú, a mhodhnú agus a scriosadh mar chuid den timthriall teicteonach.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• struchtúr inmheánach an domhain<br>• samhail na teicteonaice plátaí<br>• teorainneacha plátaí mar chriosanna foirmithe agus scriosta na screimhe<br>• tíreolaíocht bolcán agus critheanna talún agus an chaoi inar féidir iad féin agus a n-iarmhairtí a thuar. | Suíomh na hÉireann i ndáil le teorainneacha plátaí sa lá inniu agus i dtréimhsí geolaíochta san am atá caite.<br><br>Easbhrú basailt Aontroma i ndáil le hoscailt an Atlantaigh. | Tíreolaíocht dhomhanda plátaí litisféir.<br><br>Tíreolaíocht dhomhanda na gníomhaíochta bolcánaí agus seismí. |
| **1.2** | **An timthriall carraigeacha**<br><br>Ráiteas:<br>**Bíonn carraigeacha á bhfoirmiú, á modhnú, á scriosadh agus á n-athbhunú de shíor mar chuid den timthriall carraigeacha. Fórsaí ingineacha a dhéanann agus a mhodhnaíonn iad; fórsaí eisigineacha creimthe a scriosann iad ar a nochtadh don aimsir agus don aeráid; athbhunaítear iad nuair a dhéantar dríodar a shil-leagan.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• suíomh geoteicteonach fhoirmiú bruthcharraigeacha (idir phlútónacha agus bholcánacha), carraigeacha meiteamorfacha agus carraigeacha dríodair<br>• na próisis síonchaithimh (idir fhisiceach agus cheimiceach), olltraoite agus creimthe ag aibhneacha, ag an bhfarraige, ag oighear agus ag an ngaoth<br>(N.B. Is féidir staidéar a dhéanamh air seo i gcomhar le roinn 1.5 thíos) | Cineálacha carraige na hÉireann mar léaráidí de shuímh phlútónacha, bholcánacha, mheiteamorfacha agus dríodair. | Ilchríoch Mheiriceá Thuaidh lena himill phlátaí bheo agus sraoilleacha. |
| | Idirghníomhú an duine leis an timthriall carraigeacha, ag tabhairt aird ar leith ar **cheann amháin** de na nithe seo a leanas: mianadóireacht, eastóscadh ábhar foirgníochta, saothrú ola is gáis, táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh. | Samplaí náisiúnta oiriúnacha. | Samplaí idirnáisiúnta oiriúnacha. |

## CROÍ-AONAD 1: PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| 1.3 | **Forbairt tírghnéithe (i)**<br><br>Ráiteas:<br>**Imrítear tionchar ar fhorbairt tírghnéithe ag struchtúir gheolaíochta ar toradh iad ar oibriú an timthrialla theicteonaigh**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar iarmhairtí na nithe seo a leanas ar fhorbairt tírghnéithe: | | Samplaí oiriúnacha m.sh. Havái, an Íoslainn, Devon agus Corn na Breataine. |
| | • struchtúir bholcánacha agus phlútónacha, sreabha laibhe, bolcáin, siúntaí, srl. | Samplaí oiriúnacha m.sh. tírghnéithe ardchlár Aontroma agus bhatailit Laighean. | |
| | • struchtúir dhríodair, plánaí cisealúcháin, siúntaí, srl. | Mar shampla, ardtalamh Dhartraí-Bhinn Chuilceach. | Mar shampla, Imchuach Pháras, Rabhcháin Brecon, srl. |
| | • struchtúir dhífhoirmiúcháin lena n-áirítear filleadh, cruinneachánú agus éascadh (ag díláithriú ceartingearach agus cothrománach araon). | Mar shampla, Proibhinse Iomairí agus Gleannta Dheisceart na hÉireann, an sá-éadan Armarcach, sá-éisc agus sracéisc Dhún na nGall, srl.. | Mar shampla, na Sléibhte Apaláiseacha, an Weald, Na hAlpa |
| 1.4 | **Forbairt tírghnéithe (ii)**<br><br>Ráiteas:<br>**Imrítear tionchar ar fhorbairt tírghnéithe ag saintréithe carraige ar toradh iad ar oibriú an timthrialla carraigeacha**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • tírghnéithe a ghabhann le cineálacha carraige ar leith | Samplaí oiriúnacha in Éirinn m.sh. Boirinn, ardtalamh Marble Arch, ísealchríoch Loch Measca-Loch Coirib, tírdhreacha eibhir Chill Mhantáin. | Samplaí oiriúnacha m.sh. An tSlóivéin, Iardheisceart na Síne, Kentucky, Iamáice. |
| | • an tslí inar féidir le héagsúlachtaí spásúla i gcineál carraige tionchar a imirt ar an tírdhreach fisiceach. | | Samplaí oiriúnacha m.sh. Dartmoor. |

## CROÍ-AONAD 1: PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| 1.5 | **Forbairt tírghnéithe (iii)**<br>Ráiteas:<br>**Imrítear tionchar ar thírghnéithe ag próisis dromchla (eisigineacha) a mbeadh éagsúlú (spásúil agus sealadach araon) ag baint leo ina ndéine agus i minicíocht a n-oibrithe.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar gach ceann de na próisis dromchla atá liostaithe agus go ndíreoidís go mion ar **cheann amháin** díobh seo a leanas: | | |
| | • próisis ollghluaiseachta agus na tosca a rialaíonn a n-oibriú | Samplaí oiriúnacha in Éirinn m.sh. sciorrthaí talún chósta Aontroma, brúchtaí portaigh in Iarthuaisceart na hÉireann, srl. | Mar shampla, sleamhnuithe láibe san Iodáil, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Theas, srl.. |
| | • dobharphróisis, dobharphatrúin, agus tírghnéithe gaolmhara | Samplaí oiriúnacha in Éirinn. | |
| | • próisis chósta, patrúin chósta, agus tírghnéithe gaolmhara | Samplaí oiriúnacha in Éirinn. | |
| | • oighearphróisis, oighearphatrúin, agus tírghnéithe gaolmhara | Samplaí oiriúnacha in Éirinn. | |
| 1.6 | **Forbairt tírghnéithe (iv)**<br>Ráiteas:<br>**Is léiriú í gach tírghné ar chothromaíocht idir na fórsaí ingineacha agus eisigineacha; féadfaidh an chothromaíocht sin athrú le himeacht ama.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an tslí inar toradh iad tírghnéithe ar chomhcheangal d'ardú screimhe (de bharr athchoigeartú iseastatach) agus d'iomairt ag próisis dromchla, agus go léiríonn na tírdhreacha uaireanta go mbíonn na fórsaí freasúracha sin as cothromaíocht go sealadach. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• iseastatacht<br>• dobharchoigeartú ar an mbonnleibhéal<br>• forbairt tírdhreacha thimthriallaigh agus leathmhánna. | Aibhneacha Iarthuaisceart Éireann. Dromchlaí plandála i gCúige Mumhan. | |
| 1.7 | **Idirghníomhú an duine**<br>Ráiteas:<br>**Féadfaidh gníomhaíochtaí an duine tionchar a imirt ar oibriú na bpróiseas dromchla.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar **cheann amháin** díobh seo a leanas: | | |
| | • próisis ollghluaiseachta agus tionchar an ró-inír, an róbhearrtha agus an dífhoraoisithe<br>• próisis abhann agus tionchar dambaí hidrileictreachais, canálú agus bearta rialaithe tuilte<br>• próisis chósta agus tionchar ag bearta áineasa, obair chosanta cósta, bearta caomhantais agus bainistíochta. | Samplaí oiriúnacha in Éirinn | Samplaí oiriúnacha. |

# CROÍ-AONAD 2
# TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

## AIDHMEANNA

San aonad seo féachtar le scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn próisis eacnamaíocha, dhaonna, agus fhisiceacha i suímh réigiúnacha.

## SCILEANNA

Sa staidéar san aonad seo, ba cheart go dtuigfeadh na daltaí na scileanna tíreolaíochta seo a leanas, agus go n-úsáidfidís iad, i gcás gur cuí sin:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís staidrimh
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ: GNÁTHLEIBHÉAIL

Ar chríochnú an aonaid seo ba cheart go mbeadh an dalta gnáthleibhéil in ann

- míniú a thabhairt ar idé réigiúin atá sainaitheanta de réir critéar roghnaithe
- an chaoi a n-idirghníomhaíonn próisis fhisiceacha, eacnamaíocha, agus dhaonna laistigh de réigiúin in Éirinn, san Eoraip agus i réigiún ilchríochach/fo-ilchríochach amháin a thaispeáint
- léiriú a thabhairt ar chastacht réigiún agus ar an gcaoi a bhféadfadh teorainneacha athrú le himeacht ama
- na scileanna atá liostaithe thuas a úsáid, de réir mar is féidir, sa staidéar ar réigiúin.

## TORTHAÍ: ARDLEIBHÉAIL

Ar chríochnú an aonaid seo ba cheart go mbeadh an dalta ardleibhéil in ann

- coincheap réigiúin atá sainaitheanta de réir critéar roghnaithe a mhíniú agus a léiriú, ar scálaí difriúla
- miontuiscint a thaispeáint ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn próisis fhisiceacha, eacnamaíocha, agus dhaonna i réigiúin in Éirinn agus san Eoraip agus i réigiún ilchríochach/ fo-ilchríochach amháin
- measúnacht a dhéanamh ar chastacht an idirghníomhaithe sin, agus ar an acmhainneacht athruithe ar theorainneacha agus ar fhairsinge na réigiún, agus samplaí sainiúla in úsáid
- na scileanna atá liostaithe thuas a úsáid, de réir mar is féidir, chun léirmhíniú a thabhairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn próisis eacnamaíocha, dhaonna, agus fhisiceacha i suíomh réigiúnach .

## SUÍMH

Agus scrúdú déanta acu ar choincheap réigiúin ón iliomad scálaí agus séan, is amhlaidh a dhíreoidh na daltaí ar an staidéar ar **chúig réigiún.** Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar **dhá** réigiún chodarsnacha in Éirinn agus ar dhá réigiún Eorpacha. Agus ba cheart, ina theannta sin, go ndéanfadh na daltaí staidéar ar réigiún ilchríochach nó fo-ilchríochach **amháin** seachas an Eoraip. **Ba cheart na suímh réigiúnacha sin a úsáid freisin, i gcás gur féidir, i gcomhair ábhair aonad 1 agus ceachtar de thoghaonaid 4 nó 5 agus an roghaonad a roghnaíodh (don ardleibhéal amháin).**

## CROÍ-AONAD 2: TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **2.1** | **Coincheap réigiúin**<br><br>Ráiteas:<br>**Is é atá i réigiún ná réimse de dhromchla an domhain, ar féidir é a shainaithint de réir critéar roghnaithe agus iad siúd á n-oibriú ar éagsúlacht scálaí. Is féidir séan aonair nó il-séana a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar na réigiúin sin.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar | | |
| | • réigiúin aeráide, go háirithe na réigiúin fhionnuarmheasartha aigéanacha | Aeráid na hÉireann. | Iarthuaisceart na hEorpa. |
| | • réigiúin gheomoirfeolaíochta lena n-áirítear:<br>– tírdhreacha carstacha<br>– dromanna is gleannta na Mumhan<br>– machaire Thuaisceart na hEorpa. | Mar shampla, Boirinn.<br>Mar shampla, Deisceart na Mumhan. | |
| | • réigiúin riaracháin ar scálaí difriúla | Comhairle áitiúil/bardais, teorainneacha dáilcheantar, ranna contae. | Rannana Fraince (départments). |
| | • réigiúin chultúrtha<br>– réigiúin teanga<br>– réigiúin chreidimh | Samplaí in Éirinn.<br>Samplaí in Éirinn. | An Bheilg.<br>Na tíortha Ioslamacha.<br>Samplaí san Eoraip. |
| | • réigiúin shocheacnamaíocha<br>– réigiúin thearcfhorbartha<br>– croí-réigiúin<br>– réigiúin fhorimeallacha<br>– réigiúin mheatha tionsclaíoch | **Is féidir na samplaí réigiúnacha a roghnaítear anseo a nascadh le 2.2, réigiúin in Éirinn.** | **Is féidir na samplaí réigiúnacha a roghnaítear anseo a nascadh le 2.2, réigiúin san Eoraip.** |
| | • réigiúin nódacha/chathracha/uirbeacha<br>– ceantair uirbeacha agus a gcúlchríoch | Cathracha in Éirinn. | Cathracha san Eoraip. |
| **2.2** | **Dinimic réigiún**<br><br>Ráiteas:<br>**Taispeánann an staidéar ar réigiúin an chaoi a n-idirghníomhaíonn próisis eacnamaíocha, dhaonna, agus fhisiceacha i limistéar ar leith.**<br><br>ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• **dhá réigiún chodarsnacha in Éirinn: ba cheart go n-áireofaí sa staidéar ar gach réigiún:**<br>– próisis fhisiceacha, m.sh. aeráid, ithreacha, rilíf agus draenáil<br>– próisis eacnamaíocha | | |

## CROÍ-AONAD 2: TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **2.2** | **Dinimic réigiún (ar lean)**<br>- gníomhaíochtaí príomha m.sh. talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht/fuinneamh<br>- gníomhaíochtaí tánaisteacha m.sh. patrúin i ngníomhaíochtaí déantúsaíochta<br>- gníomhaíochtaí treasacha m.sh. turasóireacht agus iompar<br>– próisis dhaonna, m.sh. teanga, creideamh, forbairt uirbeach agus forbairt na tuaithe, dinimic daonra | | |
| | • **dhá réigiún chodarsnacha san Eoraip. Féadfaidh na daltaí réigiún amháin a roghnú ó Chríoch Lochlann agus/nó ceann ó iarthar/lár na hEorpa (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe) agus/nó ceann ó réigiún na Meánmhara. Ba cheart go n-áireofaí sa staidéar ar an réigiún:**<br>– próisis fhisiceacha, m.sh. aeráid, ithreacha, rilíf agus draenáil<br>– próisis eacnamaíocha<br>- gníomhaíochtaí príomha, m.sh. talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht/fuinneamh<br>- gníomhaíochtaí tánaisteacha, m.sh. patrúin i ngníomhaíochtaí déantúsaíochta<br>- gníomhaíochtaí treasacha, m.sh. iompar agus tuarasóireacht<br>– próisis dhaonna, m.sh. teanga, creideamh, forbairt uirbeach agus tuaithe, agus dinimic daonra | | Réigiúin san Eoraip. |
| | • **réigiún ilchríochach/fo-ilchríochach amháin. Ba cheart go n-áireofaí sa staidéar**<br>– próisis fhisiceacha, m.sh. aeráid, ithreacha, rilíf agus draenáil<br>– próisis eacnamaíocha,<br>- gníomhaíochtaí príomha, m.sh. talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht/fuinneamh<br>- gníomhaíochtaí tánaisteacha, m.sh. patrúin i ngníomhaíochtaí déantúsaíochta<br>- gníomhaíochtaí treasacha, m.sh. iompar agus tuarasóireacht<br>– próisis dhaonna, m.sh. teanga, creideamh, forbairt uirbeach agus forbairt na tuaithe, agus dinimic daonra. | | Réigiún neamh-Eorpach. |

## CROÍ-AONAD 2: TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **2.3** | **Castacht réigiún (i)**<br><br>Ráiteas:<br>**Léiríonn an staidéar ar réigiúin castacht thíreolaíoch an idirghníomhaithe idir próisis eacnamaíocha, chultúrtha agus fhisiceacha.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• idirghníomhú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, polaitíochta agus cultúrtha<br>• idirghníomhú grúpaí cultúrtha difirúla agus réigiún polaitíochta difriúil<br>• todhchaí na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh, ag tagairt go háirithe do na saincheisteanna a bhaineann le haontas polaitíochta, le haontas eacnamaíoch, agus le flaitheas. | Éire agus Tuaisceart Éireann. | Samplaí san Eoraip.<br><br>An tAontas Eorpach. |
| **2.4** | **Castacht réigiún (ii)**<br><br>Ráiteas:<br>**Féadfaidh teorainneacha agus fairsinge réigiún athrú le himeacht ama.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• athruithe ar theorainneacha agus ar fhairsinge réigiún teanga<br>• fás uirbeach agus fairsingiú réigiún cathrach<br>• forbairt agus fairsingiú an Aontais Eorpaigh<br>• athruithe ar theorainneacha polaitíochta agus a dtionchar ar ghrúpaí cultúir. | Limistéir Ghaeltachta ó 1850 i leith.<br>Struchtúir Chomhairle Bhaile Átha Cliath.<br>Réigiúin eacnamaíocha na hÉireann. | Samplaí oiriúnacha.<br>An fhorbairt iarchogaidh, fairsingiú oirthear na hEorpa. |

# CROÍ-AONAD 3

## AONAD SCILEANNA AGUS IMSCRÚDAITHE TÍREOLAÍOCHTA

### AIDHMEANNA

San aonad seo féachtar le forbairt scileanna a spreagadh maidir le faisnéis spásúil a láimhseáil, ionas go mbeifear in ann imscrúdú tíreolaíochta aonair a chur i gcrích.

### SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh na daltaí raon scileanna tíreolaíochta lena n-áirítear:

- léirléamh léarscáileanna
- anailís ar ghrianghraf
- anailís ar staidrimh
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise
- córais gheografacha faisnéise
- imscrúdú tíreolaíochta a phleanáil
- sonraí a bhailiú
- foinsí doiciméadacha a úsáid
- tuairisc a phleanáil
- anailísiú agus cur i láthair torthaí agus conclúidí.

### TORTHAÍ: GHNÁTHLEIBHÉAL

On completion of this core unit Ordinary level students should be able to

- cuid de na scileanna atá liostaithe, nó iad go léir, a thuiscint agus a úsáid
- oibriú trí na céimeanna sainiúla d'imscrúdú tíreolaíochta
- anailís ar staidrimh agus teicneolaíocht faisnéise a úsáid chun buntorthaí agus conclúidí a léirmhíniú
- cuid de na scileanna tíreolaíochta atá liostaithe, nó iad go léir, a fheidhmiú chun imscrúdú tíreolaíochta a chur i gcrích
- taithí a fháil, i gcás gur féidir, ar dhálaí a bheadh ar aon dul le dálaí fostaíochta.

### TORTHAÍ: ARDLEIBHÉAL

Ar chríochnú an chroí-aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí ardleibhéil in ann:

- na scileanna atá liostaithe a thuiscint, a úsáid agus a fheidhmiú chun imscrúdú tíreolaíochta a chur i gcrích
- oibriú trí na céimeanna sainiúla d'imscrúdú tíreolaíochta
- anailís ar staidrimh agus teicneolaíocht faisnéise a úsáid chun torthaí agus conclúidí a léirmhíniú agus a anailísiú
- anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre, agus comparáidí a dhéanamh le staidéir eile
- taithí a fháil, i gcás gur féidir, ar dhálaí a bheadh ar aon dul leis na dálaí i saol na hoibre.

### AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA DO DHALTAÍ GNÁTHLEIBHÉIL AGUS ARDLEIBHÉIL

Ní mór do dhaltaí imscrúdú tíreolaíochta a chur i gcrích ó liosta topaicí arna n-eisiúint ag Coimisiún na Scrúdaithe Stáit chuig scoileanna do gach bliain den scrúdú. Cuirfear tuarascáil ar an imscrdú tíreolaíochta críochnaithe ar fáil i gcomhair measúnú i ndeireadh théarma a haon i mBliain Ardteistiméireachta 2. Cé go n-aithnítear gur féidir le grúpaí ranga oibriú ar aon imscrúdú amháin, caithfidh gach iarratasóir ar leith tuarascáil lániomlán a chur i lathair chun críocha na measúnachta. Ní ghlacfar le haon tionscadail ghrúpa. Is féidir foinsí príomha agus tánaisteacha faisnéise a úsáid san imscrúdú go cóimheas de 60% d'fhoinsí príomha agus 40% d'fhoinsí tánaisteacha. Déanfar an tuarascáil ar an imscrúdú tíreolaíochta a mheasúnú ar leith ón scrúdú scríofa deiridh. Deimhneoidh an múinteoir tíreolaíochta agus príomhoide na scoile údaracht na tuarascála imscrúdaithe mar fhíorshaothar gach iarrthóra Ardteistiméireachta.

## STRUCHTÚR AGUS EAGRÚ AN IMSCRÚDAITHE

Ní mór do na daltaí tuairisc ar an imscrúdú a sholáthar de réir mar atá mionsonraithe thíos.

| Céim | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Réamhrá:<br>Na dúshláin a leagan amach agus straitéis a cheapadh | • Topaic a roghnú le himscrúdú<br>• ráiteas soiléir hipitéise nó aidhme<br>• achoimre ar na cuspóirí<br>• na cineálacha faisnéise a theastaíonn a shainaithint |
| Pleanáil:<br>Ullmhú na hoibre atá le déanamh | • modhanna a roghnú chun faisnéis a bhailiú agus a chruinniú<br>• ceistneoir nó bileoga taifeadta a dhearadh<br>• cinntí ar shuímh don imscrúdú |
| Sonraí a bhailiú | • ionstraimí a úsáid chun tomhais a dhéanamh<br>• taifid ar bhreathnuithe déanta go hallamuigh<br>• ceistneoirí agus suirbhéanna a úsáid de réir mar is cuí<br>• an iliomad foinsí tánaisteacha a úsáid, m.sh. foinsí doiciméadacha<br>• plé ar fhadhbanna a bhí ann |
| An tuairisc a ullmhú | • sonraí a eagrú<br>• léaráidí, graif, léarscáileanna, agus táblaí a úsáid<br>• TFC a úsáid, i gcás gur cuí, chun torthaí agus conclúidí a ullmhú agus a chur i láthair |
| Conclúid agus measúnacht | • torthaí a anailísiú agus a léirmhíniú<br>• conclúidí bailí a dhéanamh<br>• na torthaí a chur i gcomparáid le teoiric bhunaithe<br>• meastóireacht ar hipitéisí<br>• scrúdú ar bhailíocht an imscrúdaithe agus moltaí le haghaidh feabhsuithe |

# FEIDHMIÚ SCILEANNA AG GNÁTHLEIBHÉAL

Is ceart múineadh agus feidhmiú na scileanna tíreolaíochta seo a chomhtháthú i múineadh na gcroí-aonad agus an toghaonaid i gcás gur cuí sin.

### 1. Léirléamh léarscáileanna agus grianghraf ón aer

Ba cheart go mbeadh na daltaí in ann na nithe seo a leanas a thuiscint agus a úsáid:

- córais chomhordanáidí (domhanleithead agus domhanfhad)
- tagairtí eangaí
- scála, achar, agus treo
- airde agus fána
- sracléarscáileanna
- siombailí a aithint
- patrúin a aithint

### 2. Íomháineachas satailíte

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar íomháineachas satailíte den tírdhreach fisiceach agus cultúrtha. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí cur síos ar agus go mbainfidís úsáid as íomháineachas satailíte sa staidéar ar ábhar na gcroí-aonad agus na n-aonad tofa, i gcás gur cuí sin.

### 3. Léirmhíniú fíoracha

Ba cheart go léireodh agus go dtuigfeadh na daltaí faisnéis i bhfoirm fíoracha, graf, agus táblaí.

### 4. Sonraí daonáirimh

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an tuairisceán daonáirimh is déanaí ar Éirinn agus go n-úsáidfidís an fhaisnéis chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr déimeagrafach daonra. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar fhaisnéis daonáirimh fhoilsithe agus scrúdú ar threochtaí daonra ina gceantar áitiúil féin.

### 5. Léarscáileanna aimsire sionoptach agus sonraí aimsire

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar léarscáileanna aimsire laethúla, ar an bhfaisnéis a thugtar, agus ar na siombailí a úsáidtear. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí scrúdú ar thuairiscí aimsire na meán agus ar léarscáileanna aimsire.

### 6. Foinsí téacsacha

Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí agus go n-úsáidfidís, i gcás gur féidir, foinsí téacsacha agus tánaisteacha faisnéise (idir fhoinsí ón am atá caite agus fhoinsí reatha), i ndáil lena n-imscrúdú tíreolaíochta go háirithe.

# FEIDHMIÚ SCILEANNA AG AN ARDLEIBHÉAL

Is ceart múineadh agus feidhmiú na scileanna tíreolaíochta seo a chomhtháthú i múineadh na gcroí-aonad, agus i múineadh na n-aonad tofa agus na n-aonad roghnach i gcás gur cuí sin.

## 1. Léirléamh léarscáileanna agus aerfhótagraf

Ba cheart go mbainfeadh na daltaí úsáid agus feidhm as na coincheapa spásúla a ghabhann leis na nithe seo a leanas

- córais chomhordanáidí (domhanleithead agus domhanfhad)
- tagairtí eangaí
- scála, achar, agus treo
- airde agus fána
- sracléarscáileanna
- aithint siombailí
- trasghearrthaí
- aithint patrún
- léarscáiliú staidrimh
- dearbhshuíomh agus suíomh coibhneasta, agus úsáid á baint as léarscáileanna agus aerfhótagraif.

## 2. Íomháineachas satailíte

Ba cheart go mbainfeadh na daltaí úsáid as íomháineachas satailíte chun scrúdú a dhéanamh ar limistéir mhóra den tírdhreach fisiceach agus cultúrtha. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí cur síos ar agus go mbainfidís úsáid as íomháineachas satailíte sa staidéar ar ábhar na gcroí-aonad agus na n-aonad tofa.

## 3. Léirmhíniú fíoracha

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí anailísiú agus measúnacht ar fhaisnéis i bhfoirm fíoracha, graf, agus táblaí.

## 4. Sonraí daonáirimh

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an tuairisceán daonáirimh is déanaí ar Éirinn. Ba cheart go mbainfidís úsáid as raon faisnéise daonáirimh chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr déimeagrafach daonra. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar fhaisnéis daonáirimh fhoilsithe agus go scrúdóidís treochtaí daonra ina gceantar áitiúil féin.

## 5. Léarscáileanna aimsire agus sonraí aimsire

Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar léarscáileanna aimsire laethúla agus go scrúdóidís an fhaisnéis a thugtar agus na siombailí a úsáidtear. Ba cheart go scrúdódh na daltaí tuairiscí aimsire na meán agus go ndéanfaidís léarscáileanna aimsire sionoptacha a léirmhíniú.

## 6. Foinsí téacsacha

Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí agus go n-úsáidfidís, i gcás gur féidir, raon foinsí téacsacha agus tánaisteacha faisnéise (idir foinsí ón am atá caite agus foinsí reatha), go háirithe i ndáil lena n-imscrúdú tíreolaíochta.

## 7. Córais Gheografacha Faisnéise (CGF)

Is féidir CGF, mar shainuirlis imscrúdaithe, a úsáid chun foinsí sonraí a chónascadh sa staidéar ar réimsí áirithe nó ar fhadhbanna tíreolaíochta. Ba cheart go mbeadh cónascadh scileanna san áireamh agus staidéar á dhéanamh ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- aerfhótagraf, ábhar daonáirimh, agus léarscáileanna a úsáid sa staidéar ar an tsraoilleáil uirbeach
- íomhánna satailíte agus faisnéis staitistiúil a úsáid sa staidéar ar na hathruithe ar an talamhúsáid talmhaíochta
- aerfhótagraif, léarscáileanna, agus faisnéis staitistiúil a úsáid sa staidéar ar fhorbairt na foraoiseachta
- léarscáileanna, aerfhótagraif, agus taifid ar shéadchomharthaí agus áiteanna a úsáid sa staidéar ar scriosadh láithreán seandálaíochta.

# TOGHAONAID

# TOGHAONAID

## CEANN AMHÁIN DÍOBH SEO A LEANAS LE GLACADH AG DALTAÍ GNÁTHLEIBHÉIL AGUS ARDLEIBHÉIL ARAON:

| | |
|---|---|
| **Toghaonad 4** | Patrúin agus próisis i ngníomhaíochtaí geilleagracha |
| **Toghaonad 5** | Patrúin agus próisis i gcomhshaol an duine |

# TOGHAONAD 4
# PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

## AIDHMEANNA

San aonad seo déanfar scrúdú ar phatrúin i bhforbairt gheilleagrach agus ar fhás geilleagair idirspleách dhomhanda amháin.

## SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh na daltaí, i gcás gur cuí sin, na scileanna tíreolaíochta a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar staidrimh
- anailís ar ghrianghraif
- fíoracha a tharraingt
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ: GNÁTHLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh na daltaí in ann:

- cur síos a dhéanamh ar na patrúin mhíchothroma i leibhéil fhorbartha geilleagraí
- próiseas an athraithe i bhforbairt gheilleagair a rianú
- buntuiscint a léiriú ar fhorbairt geilleagair dhomhanda idirspleách aonair
- scrúdú a dhéanamh ar ról na hÉireann mar bhall den AE laistigh den gheilleagar domhanda
- scrúdú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil gníomhaíochtaí eacnamaíocha
- na scileanna atá liostaithe thuas a úsáid, i gcás gur cuí, chun cabhrú sa scrúdú ar phatrúin i bhforbairt gheilleagrach agus i bhfás geilleagair idirspleách aonair.

## TORTHAÍ: ARDLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- na patrúin mhíchothroma i ndáileadh gníomhaíochtaí geilleagracha agus sna leibhéil fhorbartha geilleagraí a mhíniú agus a léiriú
- tuiscint mhion a léiriú ar chastacht phróiseas an athraithe i leibhéil fhorbartha geilleagraí
- anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna a thagann chun cinn agus ar thoradh forbairt geilleagair dhomhanda idirspleách aonair
- measúnacht a dhéanamh ar ról na hÉireann mar bhall den AE laistigh den gheilleagar domhanda
- measúnacht a dhéanamh ar thionchar gníomhaíochtaí geilleagracha ar an gcomhshaol ar scálaí éagsúla
- úsáid a bhaint as na scileanna atá liostaithe thuas, i gcás gur cuí, chun cabhrú sa scrúdú ar phatrúin fhorbartha geilleagraí agus ar fhás geilleagair idirspleách aonair.

## SUÍMH

Ba cheart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú i gcónaí trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, nuair is ann dóibh, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin ar fud an tsiollabais. Is mar shamplaí amháin atá na suímh sin á dtabhairt agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart na topaicí staidéir agus na suímh a roghnaítear a bheith nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2, nuair is féidir sin.

## TOGHAONAD 4: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| 4.1 | **Forbairt Gheilleagrach**<br><br>Ráiteas:<br>**Tá gníomhaíochtaí geilleagracha dáilte go míchothrom ar fud an domhain.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas<br><br>• an olltáirgeacht náisiúnta ina thomhas ar an bhforbairt gheilleagrach<br>• treoiruimhir forbartha daonna mar thomhas ginearálta ar an bhforbairt. | Éire. | Samplaí oiriúnacha bainteacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |
| 4.2 | Ráiteas:<br>**Taispeánann leibhéil fhorbartha geilleagraí móréagsúlachtaí spásúla agus féadfaidh siad athrú le himeacht ama. Tagann ann do leibhéil fhorbartha geilleagraí de bharr idirghníomhú casta tosca lena n-áirítear tosca fisiceacha, sóisialta, cultúrtha, agus polaitíochta.**<br><br>Is ceart do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar an méid seo a leanas:<br><br>• cás-staidéar ó gheilleagair fhorbartha. Ba cheart go n-áireofaí sa staidéar réigiúin ina bhfuil tionscail seirbhíse agus gan chuing, seirbhísí airgeadais agus/nó mór-réigiúin turasóireachta. Ba cheart go scrúdódh an cás-staidéar freisin, i gcás gur cuí, an fhianaise ar mheathlú tionsclaíoch<br>• cás-staidéar ar gheilleagar atá i mbéal forbartha ina dtugtar achoimre ar thionchar an choilíneachais, agus coigeartuithe i dtreo geilleagair dhomhanda<br>• na saincheisteanna domhanda agus dearcadh ceartais maidir leis na patrúin sin. | Éire. | Samplaí oiriúnacha bainteacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |

## TOGHAONAD 4: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **4.3** | **An geilleagar domhanda**<br><br>Ráiteas:<br>**Tá geilleagar domhanda idirspleách aonair tagtha chun cinn agus rólanna éágsúla ag Limistéir éagsúla**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • cuideachta ilnáisiúnta amháin chun tuiscint a fháil ar a struchtúr agus ar a eagrúchán. I gcás táirge amháin de chuid na cuideachta ilnáisiúnta ba cheart go mbeadh na daltaí ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:<br>– foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna<br>– suíomh na mbunaonad próiseála<br>– suíomh na margaí | Cuideachta ilnáisiúnta bunaithe in Éirinn. | Samplaí oiriúnacha bainteacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |
| | • patrúin trádála domhanda lena léiriú go bhfuil geilleagair nasctha le chéile laistigh de fhrámaíocht dhomhanda. Go bhfuil patrún trádála tagtha chun cinn ina bhfuil Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Eoraip, agus tíortha imeall an Aigéin Chiúin. Gurb iad sin na trí phríomhréimse gheilleagracha dhomhanda. Go bhfuil roinnt idirnáisiúnta an tsaothair tagtha chun cinn. | | Cineál domhanda na nascálacha a thaispeáint. |
| | Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an gcaoi<br><br>• a ndéantar bunaonaid phróiseála a leathadh go forleathan<br>• a bhfuil croí-réigiúin agus réigiúin fhorimeallacha tar éis forbairt<br>• a bhfuil roinnt réigiún eisiata ó ghníomhaíocht déantúsaíochta an domhain<br>• a bhfuil an domhandú tar éis dul i gcion ar thrádáil an domhain. | | |
| | Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar chuideachta ilnáisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:<br><br>• soghluaisteacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha<br>• an chaoi a dtéann straitéisí corparáideacha i gcion ar oscailt agus ar dhúnadh monarchan brainse<br>• an chaoi a n-éiríonn athruithe i suíomh as saolré táirge<br>• forbairt gníomhaíochtaí geilleagracha, teilisheirbhísí, teicneolaíocht faisnéise, agus ríomhthráchtáil amach anseo. | Samplaí oiriúnacha de chuideachtaí ilnáisiúnta bunaithe in Éirinn. | |

## TOGHAONAD 4: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| 4.4 | **Éire agus an tAontas Eorpach**<br><br>Ráiteas:<br>**Tá Éire, mar bhall den AE, mar chuid de mhórbhloc trádála laistigh den gheilleagar domhanda.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • patrúin trádála AE laistigh den mhargadh aonair agus trádáil sheachtrach an AE freisin<br>• patrúin trádála na hÉireann leis an AE agus an chaoi a dtéann an AE i gcion ar gheilleagar na hÉireann, mar shampla:<br>– an comhbheartas talmhaíochta<br>– an comhbheartas iascaigh<br>– na cistí forbartha réigiúnaí<br>– an maoiniú sóisialta. | Samplaí náisiúnta oiriúnacha atá bainteach le hábhar. | Patrúin trádála inmheánacha agus sheachtracha. |
| 4.5 | **Tionchar ar an gcomhshaol**<br><br>Ráiteas:<br>**Imríonn gníomhaíochtaí geilleagracha tionchar ar an gcomhshaol.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • úsáid acmhainní in-athnuaite agus neamh-inathnuaite sa gheilleagar<br>• tionchar an dó breoslaí iontaise, agus foinsí fuinnimh eile a úsáid | Acmhainní fuinnimh náisiúnta.<br><br>Criosanna saor ó dheatach.<br>Patrúin táirgthe agus ídithe. | Táirgeadh agus ídiú fuinnimh - samplaí oiriúnacha ón Eoraip.<br>Báisteach aigéadach - saincheist Eorpach. |
| | • truailliú an chomhshaoil ar scála áitiúil, náisiúnta agus domhanda<br>• forbairt gheilleagrach inbhuanaithe d'fhonn a tionchar ar an gcomhshaol a rialú. Ba cheart go ndéanfadh na daltaí scrúdú ar eispéiris ón am atá caite, ar ionchais don todhchaí agus ar an ngá atá le staidéir tionchair comhshaoil | Saincheisteanna náisiúnta, ról na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.<br>Ídiú stoc éisc, láithreacha mianadóireachta. | Saincheisteanna domhanda bainteacha, m.sh. téamh aeráide. |
| | • coinbhleachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir leasanna geilleagracha áitiúla is domhanda agus leasanna comhshaoil. Ba cheart go mbeadh na daltaí ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhaineann le dhá shampla ar a laghad. | Samplaí náisiúnta oiriúnacha m.sh. stoic iascaigh, turasóireacht, agus oidhreacht na hÉireann. | Samplaí oiriúnacha ón domhan mór. |

# TOGHAONAD 5
## PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE

### AIDHMEANNA

San aonad seo déanfar scrúdú ar chineál dinimiciúil an daonra agus ar an bpatrún agus dáileadh lonnaíochta.

### SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, Ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh, i gcás gur cuí sin, na daltaí na scileanna tíreolaíochta a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ghrianghraf
- anailís staidrimh
- líníocht fíoracha
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

### TORTHAÍ: GNÁTHLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo, Ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- achoimre a thabhairt ar an gcaoi a n-athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás, agus ar an gcaoi a dtéann siad i gcion ar fhorbairt dhaonna
- cur síos ar thionchar gluaiseachtaí daonra
- scrúdú a dhéanamh ar phatrúin lonnaíochta tuaithe agus uirbí
- fadhbanna a shainaithint a ghabhann le fás cathracha
- na scileanna liostaithe thuas a úsáid, i gcás gur cuí sin, chun scrúdú a dhéanamh ar chineál dinimiciúil an daonra agus ar an bpatrún agus dáileadh lonnaíochta.

### TORTHAÍ: ARDLEIBHÉAL

Ar chríochnú an aonaid seo, Ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- tuiscint mhionsonraithe a thaispeáint agus a bheith in ann a léiriú conas a athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás agus conas a théann siad i gcion ar an bhforbairt dhaonna
- measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar athraitheach gluaiseachtaí daonra
- scrúdú a dhéanamh, go mion, ar phatrúin lonnaíochta tuaithe agus uirbí
- an scála difriúil fadhbanna a shainaithint agus a anailísiú a ghabhann le fás cathracha
- na scileanna liostaithe thuas a úsáid, i gcás gur cuí sin, chun scrúdú a dhéanamh ar chineál dinimiciúil an daonra agus ar an bpatrún agus dáileadh lonnaíochta.

### SUÍMH

Ag gach tráth, is ceart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin tríd an siollabas. Tugtar na suímh sin mar shamplaí agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart go mbeadh na topaicí staidéir agus na suímh roghnaithe, i gcás gur féidir, nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2.

## TOGHAONAD 5: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| | **5.1-5.3 Dinimic daonra** | | |
| **5.1** | Ráiteas:<br>**Athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar athruithe ar na nithe seo a leanas<br><br>• dáileadh daonra<br>• dlús daonra<br>• patrúin fháis<br>• struchtúr daonra, torthúlacht athraitheach, agus rátaí báis. | Ábhar daonáirimh chun patrúin athruithe in Éirinn a thaispeáint. | Samplaí oiriúnacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |
| **5.2** | Ráiteas:<br>**Bíonn tionchar ag saintréithe daonra ar leibhéil fhorbartha daonna.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar na cúiseanna le ródhaonra agus ar a iarmhairtí, ag tabhairt aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br><br>• tionchar na forbartha acmhainní<br>• tionchar na sochaí agus an chultúir<br>• tionchar na leibhéal ioncaim<br>• tionchar na teicneolaíochta ar fhás daonra.<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar thionchar rátaí fáis ar fhorbairt. | | Cás-staidéir oiriúnacha. |
| **5.3** | Ráiteas:<br>**Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí daonra ar na réigiúin bhronntacha agus fhaighteacha.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • patrúin athraitheacha imirce in Éirinn | Daonáirimh na hÉireann don fhichiú haois. Imirce iar-1950 go hÉirinn/as Éirinn. | Samplaí oiriúnacha. |
| | • polasaí imirce in Éirinn agus san AE | | |
| | • saincheisteanna eitneacha, ciníocha agus creidimh a éiríonn as an imirce | Polasaí an Rialtais. | |
| | • tionchair chodarsnacha imirce tuaithe/uirbigh sna réigiúin fhorbartha agus sna réigiúin atá i mbéal forbartha. | Fás i gcathracha na hÉireann | |

## TOGHAONAD 5: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| | **5.4-5.6 Dinimic lonnaíochta** | | |
| **5.4** | Ráiteas:<br>**Is féidir lonnaíochtaí a shainaithint i ndáil le láthair, suíomh agus feidhm.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar na saintréithe suímh i gcás na nithe seo a leanas: | | |
| | • lonnaíochtaí réamhstairiúla agus stairiúla | Forbairt stairiúil bhailte móra na hÉireann.<br>Samplaí náisiúnta. | |
| | • patrúin lonnaíochta tuaithe:<br>lonnaíocht tuaithe scaipthe, chnuasaithe, agus forbairt ribíneach<br>• stratéisí pleanála i gceantair thuaithe | | |
| | • saintréithre láithreáin lonnaíochtaí uirbeacha: scrúdú ar chliarlathas, ar chúlchríoch agus ar theoiric an lárionaid | Plean Forbartha Contae agus Náisiúnta. | |
| | • conas is féidir le feidhmeanna agus seirbhísí cathrach athrú in imeacht ama. | Bailte móra agus cathracha cuí de chuid na hÉireann. | |
| **5.5** | Ráiteas:<br>**Taispeánann lonnaíochtaí uirbeacha patrún úsáide talún atá ag síorathrú agus cothaíonn siad fadhbanna pleanála.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • criosanna úsáide talún laistigh den chathair nua-aimseartha<br>• athruithe i saincheisteanna a bhaineann le húsáid talún agus le pleanáil, lena n-áirítear athruithe i dtaca le talamh thionsclaíoch, talamh chónaitheach agus talamh tráchtála a úsáid<br>• luachanna talún i gcathracha agus srathú sóisialta laistigh de chathracha<br>• fairsingiú cathracha agus brúnna ar úsáid talún faoin tuath. | Cathair in Éirinn. | Cathracha oiriúnacha ar domhan. |

## TOGHAONAD 5: PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **5.6** | Ráiteas:<br>**Féadfaidh fadhbanna teacht chun cinn as fás cathracha**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • fadhbanna uirbeacha i dtaca le gluaiseacht agus brú tráchta<br>• meathlú uirbeach agus sraoilleáil uirbeach agus easpa pobail<br>• saincheisteanna oidhreachta i gceantair uirbeacha<br>• cáilíocht an comhshaoil | Samplaí oiriúnacha ó bhailte móra agus chathracha na hÉireann. | Cás-staidéir ó chathracha forbartha an domhain. |
| | • éifeachtacht straitéisí pleanála uirbí agus athnuachana uirbí maidir le fadhbanna uirbeacha a réiteach | Pleananna uirbeacha straitéiseacha. | |
| | • an fairsingiú agus fadhbanna i gcathracha forbarthacha an domhain<br>• todhchaí an uirbeachais. Saincheisteanna a bhaineann le cathracha na todhchaí. | | Cás-staidéir ó chathracha forbartha an domhain. |

# ROGHAONAID

# ROGHAONAID

## DALTAÍ ARDLEIBHÉIL AMHÁIN A GHLACFAIDH CEANN AMHÁIN DE NA hAONAID SEO A LEANAS

| | |
|---|---|
| **Roghaonad 6** | Idirspleáchas domhanda |
| **Roghaonad 7** | Geo-éiceolaíocht |
| **Roghaonad 8** | Cultúr agus ionannas |
| **Roghaonad 9** | An t-atmaisféar/comhshaol na n-aigéan |

# ROGHAONAD 6
(Ardleibhéal Amháin)

# IDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA

## AIDHMEANNA

San aonad seo féachtar le scrúdú a dhéanamh ar chineál idirspleách na bpróiseas geilleagrach, sóisialta agus polaitíochta domhanda agus le dúshlán a thabhairt do na dearcthaí difriúla maidir le forbairt.

## SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, Ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh, i gcás gur cuí sin, na daltaí na scileanna tíreolaíochta a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ghrianghraf
- anailís staidrimh
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ

Ar chríochnú an aonaid seo, Ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- measúnacht a dhéanamh ar na dearcthaí difriúla maidir le forbairt agus tearcfhorbairt
- tuiscint mhion ar chineál idirspleách an gheilleagair dhomhanda a thaispeáint
- measúnacht a dhéanamh thionchar a bhíonn ag patrúin gheilleagracha reatha ar gheilleagair nó ar réigiúin atá i mbéal forbartha
- plé a dhéanamh ar fhorbairt dhaonna mar fhócas don athrú
- scrúdú a dhéanamh ar idé na forbartha inbhuanaithe mar shamhail don todhchaí
- na scileanna atá liostaithe thuas a úsáid, i gcás gur cuí, chun scrúdú a dhéanamh ar chineál idirspleách na bpróiseas geilleagrach, sóisialta agus polaitíochta domhanda chun dúshlán a thabhairt do na dearcthaí difriúla maidir le forbairt.

## SUÍMH

Gach aon tráth, is ceart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann dóibh, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin ar fud an siollabas. Is mar shamplaí a thugtar na suímh sin agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart na topaicí a mbeidh staidéar le déanamh orthu agus na suímh a roghnaítear a bheith, nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2, i gcás gur féidir.

## ROGHAONAD 6: IDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **6.1** | Ráiteas:<br>**Féadfaidh athrú teacht ar na tuairimí a bhíonn ann faoin bhforbairt agus faoin tearcfhorbairt.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí an méid seo a leanas:<br><br>• dúshláin a thabhairt do gach aon dearcadh atá ann i leith na forbartha<br>• scrúdú breithiúnach a dhéanamh ar shamhlacha agus chineálacha cur chuige codarsnacha i leith na forbartha, lena n-áirítear:<br>• cineálacha cuir chuige i leith na forbartha atá cinntitheach agus nuachóiritheach<br>• íomhánna agus teanga a ghabhann le sochaithe atá i mbéal forbartha<br>• scrúdú breithiúnach ar idé "an chéad domhain agus an tríú domhain" thuaidh agus theas<br>• smaointeoireacht eoralárnach | | Samplaí oiriúnacha ó réigiún domhanda. |
| **6.2** | Ráiteas:<br>**Mairimid i ngeilleagar domhanda idirspleách. Imríonn bearta nó cinntí a dhéantar i réimse amháin tionchar ar réimsí eile.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí an méid seo a leanas:<br><br>• cás-staidéar ar chuideachta ilnáisiúnta ar leith le tagairt do thionchar patrún trádála domhanda i ndáil le réigiúin táirgeoirí agus tomhaltóirí araon | Trádáil na hÉireann, cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn. | Samplaí oiriúnacha ó réigiún ilchríochach nó fo-ilchríochach. |
| | • na saincheisteanna domhanda a ghabhann leis na nithe seo a leanas:<br>– dífhoraoisiú<br>– fairsingiú fásaigh<br>– téamh aeráide | | Samplaí ón Eoraip m.sh. foraoisí bainistithe i gCríoch Lochlann. |
| | • tionchar cinntí sóisialta agus polaitíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>– dídeanaithe eacnamaíocha agus polaitíochta<br>– patrúin imirce<br>– saincheisteanna ceart daonna. | Inimirce dídeanaithe. | Samplaí ón Eoraip. |

## ROGHAONAD 6: IDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **6.3** | Ráiteas:<br>**Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhachtú daoine.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• ualach an fhéich náisiúnta agus a thionchar ar thimthriall an bhochtanais<br>• an díospóireacht "cúnaimh". Cé a bhaineann tairbhe as?<br>• ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha<br>• patrúin úinéireachta talún agus a dtionchar ar fhorbairt<br>• próisis chinnteoireachta agus leibhéil pháirtíochta<br>• leibhéil dúshaothraithe ar scálaí áitiúla agus domhanda<br>• róil dhifriúla inscní sa tsochaí. | Cláir chúnaimh na hÉireann.<br><br>Eagraíochtaí neamhrialtasacha na hÉireann.<br>Éire an naoú haois déag.<br>Comharchumainn.<br>Boird fiontraíochta áitiúla. | Cláir chúnaimh an AE.<br><br>Samplaí de chomhoibriú ón Eoraip.<br><br>Samplaí oiriúnacha ó réigiún ilchríochacha nó fo-ilchríochacha. |
| **6.4** | Ráiteas:<br>**Forbairt inbhuanaithe mar shamhail d'fhorbairt gheilleagrach agus dhaonna amach anseo.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• úsáid inbhuanaithe acmhainní<br>• sprioc na cóirthrádála agus a tionchar féideartha ar fhorbairt<br>• saincheisteanna ceartais, go háirithe i ndáil le grúpaí mionlaigh<br>• idé an fhéintuilleamaí - forbairt mar fhéinchabhair. | Samplaí in Éirinn. | Samplaí oiriúnacha ó réigiún ilchríochach nó fo-ilchríochach. |

# ROGHAONAD 7
(Ardleibhéal amháin)
# GEO-ÉICEOLAÍOCHT

## AIDHMEANNA

San aonad seo déanfar scrúdú ar na hidirghaolmhaireachtaí, ar scála domhanda, idir ithreacha, aeráidí, plandaí agus ainmhithe. Déanfar scrúdú ar na fachtóirí a rialaíonn na hathruithe spásúla i mbithóim iarmhartacha na cruinne.

## SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, bheifí ag súil go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh, i gcás gur cuí sin, na daltaí na scileanna tíreolaíochta a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ghrianghraf
- anailís staidrimh
- líníocht fíoracha
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ

Ar chríochnú an aonaid seo, beidh an dalta in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- forbairt ithreacha a mhíniú agus a léiriú
- cur síos ar an teaglaim próiseas a théann i gcion ar shaintréithe ithreach
- measúnacht a dhéanamh ar an idirghaolmhaireacht idir ithreacha agus aeráidí as a leanann bithóim nó réigiúin dhomhanda ina bhfuil plandaí agus ainmhithe dulta in oiriúint do shaindálaí comhshaoil
- scrúdú agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí an duine ar bhithóim
- na scileanna liostaithe thuas a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar na hidirghaolmhaireachtaí, ar scála domhanda, idir ithreacha, aeráidí, plandaí agus ainmhithe.

## SUÍMH

Gach aon tráth, is ceart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann dóibh chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin tríd an siollabas. Tugtar na suímh sin mar shamplaí agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart go mbeadh na topaicí staidéir agus na suímh roghnaithe, i gcás gur féidir, nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2.

## ROGHAONAD 7: GEO-ÉICEOLAÍOCHT

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **7.1** | Ráiteas:<br>**Forbraíonn ithreacha ó shíonchaitheamh carraigeacha in situ agus ó ábhar síonchaite athfhosaithe.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• comhdhéanamh ginearálta na gcineálacha ithreach go léir agus tagairt á déanamh d'ábhar mianrach, ábhar orgánach, uisce agus aer<br>• saintréithre ithreach: m.sh. uigeacht, dath, struchtúr, cion uisce, cion orgánach, airíonna coinneála uisce, srl. | | Samplaí oiriúnacha. |
| **7.2** | Ráiteas:<br>**Bíonn tionchar á imirt ar shaintréithe ithreacha ag a gcomhshaol láithreach agus ag an teaglaim próiseas a oibríonn sa chomhshaol sin, lena n-áirítear cur isteach an duine.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ginearálta ar an méid seo a leanas:<br><br>• patrún domhanda ithreacha<br>• próisis ithreach lena n-áirítear síonchaitheamh, creimeadh ithreach, láisteadh, húmasú, podsalú, latairitiú, cailciú<br>• cur isteach an duine ar shaintréithe ithreach lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>– róphlandáil agus ró-iníor<br>– fairsingiú fásaigh agus caomhantas. | Próifíl ithreach ar chineál amháin ithreach in Éirinn.<br><br>Samplaí in Éirinn m.sh. Boirinn. | Staidéar ar chineál amháin ithreach ó réigiún ilchríochach nó fo-ilchríochach.<br><br>Samplaí oiriúnacha domhanda, m.sh. an tSaiheil, an Íoslainn. |
| **7.3** | Ráiteas:<br>**Tá bithóim shainiúla tagtha chun cinn as an bpatrún aeráidí domhanda. Is é atá sna bithóim sin ná réigiúin an domhain ar saintréith dóibh grúpaí plandaí nó ainmhithe atá dulta in oiriúint do shaindálaí aeráide, ithreacha agus idirghaolmhaireachtaí bitheacha.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• mórbhithóm amháin, go mion, trí scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe aeráide agus ithreach agus ar phatrúin ghaolmhara dáilte ainmhithe agus fásra. | | Samplaí oifiúnacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |

## ROGHAONAD 7: GEO-ÉICEOLAÍOCHT (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| 7.4 | Ráiteas:<br>**Tá bithóim athraithe ag gníomhaíochtaí an duine.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar thionchar<br><br>• lonnaíocht luath agus glanleagan foraoisí<br>• glanleagan foraoisí teochriosacha báistí<br>• cleachtais diantalmhaíochta<br>• forbairt thionsclaíoch. | | Samplaí oiriúnacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |

# ROGHAONAD 8
(Ardleibhéal amháin)

# CULTÚR AGUS IONNANAS

## AIDHMEANNA

San aonad seo déanfar scrúdú ar aicmiú daonra de réir táscairí fisiceacha agus cultúir, agus ar ghaolmhaireacht idir cultúr agus céannacht.

## SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, bheifí ag súil go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh, i gcás gur cuí sin, na daltaí na scileanna tíreolaíochta a ghabhann le:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís staidrimh
- líníocht fíoracha
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ

Ar chríochnú an aonaid seo, Ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- grúpálacha eitneacha a aithint mar aicmiú daonra
- teanga a scrúdú mar tháscaire cultúir
- creideamh a scrúdú mar tháscaire cultúir
- plé a dhéanamh ar stáit náisiúin mar eintitis pholaitíochta ar an tírdhreach fisiceach agus cultúir
- measúnacht a dhéanamh ar chastacht na ngaolmhaireachtaí idir struchtúir pholaitíochta agus grúpaí cultúir
- na scileanna liostaithe thuas a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cultúr agus céannacht.

## SUÍMH

Gashaontráth, is ceart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin tríd an siollabas. Tugtar na suímh sin mar shamplaí agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart go mbeadh na topaicí staidéir agus na suímh roghnaithe, i gcás gur féidir, nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2.

## ROGHAONAD 8: CULTÚR AGUS IONNANAS

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **8.1** | Ráiteas:<br>**Is féidir daonraí a scrúdú de réir tásacairí fisiceacha agus cultúir. Tá cultúr agus ionnanas nasctha le hidéanna eiteachais, a fholaíonn cine, teanga, creideamh, agus náisiúntacht.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas: | | |
| | • grúpálacha cine laistigh den daonra domhanda, ina n-áirítear<br>– saintréithe agus patrúin suímh<br>– sochaithe ilchiníocha<br>– meascadh ciníoch<br>– coinbhleacht ciníoch | | Samplaí oiriúnacha ón Eoraip agus ón domhan mór. |
| | • tuiscint ar thionchar an choilíneachais agus na himirce ar phatrúin chiníocha | Lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe. | |
| | • teanga mar tháscaire cultúir, ina n-áirítear<br>– mórghrúpaí teanga<br>– teangacha na hEorpa - tionchar na n-ollmheán cumarsáide<br>– teangacha mionlaigh - polasaithe marthanais | Ceantair Ghaeltachta. | Samplaí oiriúnacha, m.sh. an Bhreatnais |
| | • creideamh mar tháscaire cultúr, ina n-áirítear<br>– dáileadh mhór-reiligiúin an domhain<br>– an caidreamh idir an eaglais agus an stát<br>– coinbhleacht de bharr creidimh | Bunreacht na hÉireann.<br>Tuaisceart Éireann. | |
| | • gnáthnathanna cainte cultúir agus céannachta m.sh. spórt, traidisiúin, éide, bia, ceol, ealaín agus féilte. | Samplaí Éireannacha. | Samplaí oiriúnacha ón Eoraip. |
| **8.2** | Ráiteas:<br>**Eintitis is ea náisiúntacht agus an stát náisiúin atá curtha ar an tírdhreach fisiceach.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna casta a bhaineann leis na nithe seo a leanas: | | |
| | • teorainneacha fisiceacha agus polaitiúla | Oileán na hÉireann agus críochdheighilt. | |
| | • samplaí de ghrúpaí cultúir laistigh de stáit náisiúin | Tuaisceart Éireann. | Samplaí oiriúnacha. |
| | • samplaí de ghrúpaí cultúir gan náisiúntacht<br>• coinbhleachtaí idir struchtúir pholaitíochta agus grúpaí cultúir. | | |

## ROGHAONAD 8: CULTÚR AGUS IONNANAS (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **8.3** | Ráiteas:<br>**Gabhann an iliomad fachtóirí cultúir le hionnanas mar choincheap, lena n-áirítear náisiúntacht, teanga, cine, agus creideamh.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• cás-staidéar ar réigiún Eorpach chun na saincheisteanna cine, náisiúntachta, agus céannachta a pléadh cheana a thabhairt le chéile. Ba cheart go bhfolódh sé sin scrúdú ar na nithe seo a leanas:<br>– forbairtí stairiúla: teorainneacha fisiceacha agus polaitíochta<br>– eitneachas agus cine<br>– creideamh<br>– ceol, ealaín, féilte, srl.<br>– ról na himirce<br>– teorainneacha nua. | | Cás-staidéar oiriúnach m.sh. na réigiúin Cheilteacha, na Balcáin nó an Eilbhéis. |

# ROGHAONAD 9
(Ardleibhéal amháin)
# AN tATMAISFÉAR - COMHSHAOL NA nAIGÉAN

## AIDHMEANNA

San aonad seo féachtar le scrúdú a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht dhinimiciúil idir na haigéin agus an t-atmaisféar maidir le tionchar a imirt ar phatrúin aeráide dhomhanda.

## SCILEANNA

Sa staidéar ar an aonad seo, bheifí ag súil go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh, i gcás gur cuí sin, na daltaí na scileanna tíreolaíochta a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ghrianghraf
- anailís staidrimh
- líníocht fíoracha
- anailís ar léimh ó ionstraimí aimsire
- feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise.

## TORTHAÍ

Ar chríochnú an aonaid seo, Ba cheart go mbeadh an dalta in ann:

- tomhas shaintréithe an atmaisféir - na gcóras aigéanach a bhreathnú agus bheith ar an eolas fúthu
- tuiscint a léiriú ar dháileadh éagothrom an ghrianfhuinnimh agus ar phatrúin chúrsaíochta an atmaisféir agus na n-aigéan
- scrúdú a dhéanamh ar na hathruithe sa mhalartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar, agus na patrúin aeráide agus aimsire iarmhartacha
- patrún cúrsaíochta na n-aigéan agus an atmaisféir a rianadh chomh maith leis an tionchar ar aimsir agus aeráid
- cur síos ar chomhshaol aeráide ar domhan
- measúnacht a dhéanamh ar thionchar saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach
- na scileanna liostaithe thuas a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht dhinimiciúil idir an t-aigéan agus an t-atmaisféar maidir le tionchar a imirt ar phatrúin aeráide dhomhanda.

## SUÍMH

Gach aon tráth, is ceart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh feiniméin tíreolaíochta a mhíniú trí úsáid a bhaint as samplaí áitiúla, i gcás gur ann dóibh, chun na topaicí a léiriú. Tugtar samplaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin tríd an siollabas. Tugtar na suímh sin mar shamplaí agus níl siad réamhchinntitheach. Tugtar an tsaoirse do mhúinteoirí freisin a suímh féin agus a gcás-staidéir féin a úsáid chun na topaicí staidéir a léiriú. Ba cheart, i gcás gur féidir, go mbeadh na topaicí staidéir agus na suímha roghnaítear, nasctha leis na réigiúin a ndéantar staidéar orthu i gCroí-aonad 2.

## ROGHAONAD 9: AN tATMAISFÉAR - COMHSHAOL NA nAIGÉAN

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **9.1** | Ráiteas:<br>**Is córais nasctha iad gáis an atmaisféir agus uiscí na n-aigéan, agus saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha acu is féidir a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• comhdhéanamh agus struchtúr an atmaisféir agus na n-aigéan, agus breathnú a dhéanamh ar thomhais an atmaisféir is ar fheiniméin na n-aigéan agus bheith ar an eolas fúthu, lena n-áirítear<br>– brú<br>– teocht<br>– gaoth<br>– bogthaise. | | Patrúin dhomhanda. |
| **9.2** | Ráiteas:<br>**Tá an grianfhuinneamh dáilte go héagothrom thar dhromchla na cruinne agus déantar é a chlaochlú agus a athdháileadh trí phatrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• na sreabha fuinnimh i gcomhshaol an atmaisféir/na n-aigéan<br>• buiséad teasa na cruinne agus dáileadh tíreolaíoch na teochta. | | Patrúin dhomhanda. |
| **9.3** | Ráiteas:<br>**Tá éagsúlacht mhór thar dhromchla na cruinne sna malartuithe uisce idir aigéin agus an t-atmaisféar agus eascraíonn córais shainiúla aimsire agus aeráide astu.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• an timthriall hidreolaíoch<br>• bogthaise, galú agus comhdhlúthú<br>• foirmiú agus aicmiú scamall<br>• frasaíocht agus a patrúin dáilte. | | Patrúin agus athruithe domhanda. |

## ROGHAONAD 9: AN tATMAISFÉAR - COMHSHAOL NA nAIGÉAN (AR LEAN)

| | Tuairisc ar an ábhar | Suímh náisiúnta | Suímh idirnáisiúnta |
|---|---|---|---|
| **9.4** | Ráiteas:<br>**Imríonn cúrsaíocht san atmaisféar agus sna haigéin araon tionchar ar phatrúin aimsire agus aeráide ar iliomad scálaí.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• na fórsaí a rialaíonn gluaiseacht an aeir agus an uisce<br>• cúrsaíocht ghinearálta an atmaisféir agus na n-aigéan<br>• logáin lár-dhomhanleithid agus frithchioclóin<br>• feothain ar muir is ar tír<br>• gaotha sléibhe agus gleannta agus stoirmeacha toirní. | | m.sh. fórsa Coriolis. Patrúin dhomhanda,<br>m.sh. an tAtlantach Thuaidh. |
| **9.5** | Ráiteas:<br>**Is féidir dromchla na cruinne a roinnt ina shainchomhshaoil aeráide. Féadfaidh na saintréithe aeráide athrú thar am agus spás.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• sainaeráid dhomhanda amháin m.sh. aeráid an mheánchiorcail, aeráid an mhonsúin, aeráid chósta lár-dhomhanleithid an iarthair, aeráid na Meánmhara nó aeráid ilchríche<br>• samplaí d'athrú aeráide. | | Mar shampla, na hOighearaoiseanna, Téamh aeráide an fichiú haois, El Niño. |
| **9.6** | Ráiteas:<br>**Bíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.**<br><br>Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an méid seo a leanas:<br><br>• tionchar leibhéal báistí ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ar sholáthairtí uisce tí<br>• tionchar an triomaigh agus an fhairsingithe fásaigh<br>• tionchar na haeráide ar thurasóireacht. | Talmhaíocht na hÉireann. | Samplaí domhanda. |

# Nósanna imeachta le haghaidh Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Is iad seo a leanas na baill atá ag Coistí naComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) don Teastas Sinsearach:

- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
- Cumann an Ábhair
- Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Comhairle na nDámhach
- Comhghairm Cheannairí Ollscoileanna Éireann
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht)
- Coimisiún na Scrúdaithe Stáit

Ullmhaíonn Coistí Cúrsaí na CNCM na siollabais ar bhonn na treorach a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid Chomhairle na CNCM le ceadú. Cuireann an CNCM, tar éis di na moltaí sin a bhreithniú, comhairle dá réir ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó
CNCM, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6617177
Facs: (01) 6617180
Ríomhphost: info@ncca.ie
Láithreán gréasáin: www.ncca.ie

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach go díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
Nó bealach ordú poist ó:
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5  Facs: 01-647 6843
Nó ó dhíoltóirí leabhar.
**Praghas: €1.90**

Arna dhearadh ag Boyd Freeman Design
© 2006 Rialtas na hÉireann